

Prótacal COVID-19 um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte

Seicliosta Fostóra 2 - Bearta Rialaithe

Ullmhaíodh na seicliostaí seo chun cabhrú le fostóirí, úinéirí agus bainisteoirí a ngnó a chur faoi lán seoil arís ar bhealach a chabhróidh le leathadh COVID-19 a chosc. Nuair a chuirtear bearta rialaithe i bhfeidhm, cabhróidh tú le do chuid oibríthe a chosaint. Tá tuilleadh eolais le fáil ar www.Gov.ie, www.hse.ie, www.hpsc.ie agus www.hsa.ie

Uimh.	Beart Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
	Saoráidí Sláinteachais Lámh:			
1.	An bhfuil dóthain stáisiúin glanta lámh agus díghalraithe lámh ann chun gur féidir le hoibrithe, cuairteoirí/custaiméirí cloí le bearta sláinteachais lámh?			
2.	An bhfuil na stáisiúin glanta lámh agus díghalraithe lámh in áiteanna áisiúla atá éasca le húsáid go rialta? An bhfuil tú tar éis cuimhneamh ar: <ul style="list-style-type: none">• gach bealach isteach/amach• limistéir ina mbíonn go leor daoine ag teacht agus ag imeacht• an gá d'oibríthe a lámha a ní roimh thasc oibre, lena linn agus ina dhiaidh• an fad atá oibríthe ó shaoráidí glanta lámh/díghalraithe lámh, seomraí níocháin/folctha ina measc• an líon oibríthe agus aon socruithe seala?			
3.	An bhfuil socruithe déanta agat chun a chinntiú go seiceáiltear saoráidí sláinteachais lámh go rialta agus go bhfuil dóthain soláthairtí iontu i gcónaí e.g. uisce reatha te, rannóirí gallúnaí, boscaí bruscair nach gá lámh ná cos a leagan orthu agus díghalrán lámh?			
	Díghalrú lámh			
4.	An bhfuil 60% eatánóil nó 70% iseaprópánóil ar a laghad mar chomhábhar gníomhach sa díghalrán lámh alcólbhunaithe?			
5.	An bhfuil stáisiúin ag bealaí isteach/amach an ionaid oibre?			
6.	An bhfuil stáisiúin sna limistéir ina bhfuil pointí ardteagmhála nó ina mbíonn go leor daoine ag teacht agus ag imeacht?			

Uimh.	Beart Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
	Feasacht na bhfostaithe ar shláinteachas lámh san ionad oibre			
7.	An bhfuil tú tar éis na hoibrithe a chur ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le lámha a ní?			
8.	An bhfuil oiliúint/taispeántas léirithe do na hoibrithe faoin gcaoi lena lámha a ní (le gallúnach agus uisce ar feadh 20 soicind ar a laghad) agus lena dtriomú i gceart? (Acmhainn fise ar fáil ó FSS)			
9.	An bhfuil an chaoi le díghalrán lámh a úsáid i gceart léirithe do na hoibrithe agus an áit a bhfuil na stáisiúin díghalraithe lámh?			
10.	An bhfuil póstaeir ar taispeáint faoin gcaoi le lámha a ní i gceart i suíomhanna cuí?			
11.	An bhfuil tú tar éis na huaireanta a chaithfidh siad a lámha a ní a phlé leis na hoibrithe agus le daoine eile? Áirítear leo sin: <ul style="list-style-type: none"> • roimh bhia a ithe agus a ullmhú agus ina dhiaidh • i ndiaidh casachta nó sraothartaí • i ndiaidh an leithreas a úsáid • roimh thobac a chaitheamh nó roimh vápáil • nuair atá lámha salach • roimh lámhainní a chaitheamh agus ina dhiaidh • roimh dhul ar iompar poiblí agus ina dhiaidh • roimh dhul abhaile • ag sroicheadh/ag fágáil an ionaid oibre/láithreáin eile • i ndiaidh athrú go tasc eile • i ndiaidh teagmháil le dromchlaí a d'fhéadfadh a bheith éillithe • má bhítear i dteagmháil le duine ar a bhfuil siomptóim COVID-19 ar bith 			
12.	An bhfuil saoráidí ar fáil d'oibrithe lasmuigh chun sláinteachas lámh a chleachtadh go rialta?			
13.	An bhfuil díghalrán ar fáil d'oibrithe le húsáid i bhfeithiclí oibre?			
	Sláinteachas riospráide			
14.	An bhfuil bearta riospráide maithe curtha in iúl do na hoibrithe chun srian a chur ar leathadh an víris: <ul style="list-style-type: none"> • staonadh ó lámh a leagan ar an aghaidh, na súile, an tsrón agus an béal • casacht agus sraoth a chlúdach le huillinn nó ciarsúr páipéir • ciarsúr páipéir a chur i mbosca bruscair clúdaithe? 			
15.	An bhfuil ciarsúir pháipéir ar fáil d'oibrithe agus boscaí bruscair clúdaithe nó málaí bruscair chun iad a chaitheamh amach go sábháilte?			

Uimh.	Beart Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
16.	An bhfuil córas i bhfeidhm chun boscaí bruscair a fholmhú go rialta ionas nach mbeidh siad ag cur thar maoil?			
	Scaradh Fisiciúil – fanacht 2 mhéadar óna chéile			
17.	An bhfuil tú tar éis breathnú ar an gcaoi a bhféadfaí leagan amach an ionaid oibre a athrú chun gur féidir scaradh fisiciúil a chur i bhfeidhm?			
18.	An bhfuil córas i bhfeidhm chun a mheabhrú go rialta d'oibríthe fanacht 2 mhéadar óna chéile?			
19.	An bhfuil na gníomhaíochtaí a gcaithfear idirghníomhnú le custaiméirí, cuairteoirí agus daoine eile lena linn sainaitheanta agus an bhfuil bearta i bhfeidhm chun cabhrú le teagmháil fhisiciúil a chosc agus scaradh fisiciúil a chinntiú, a oiread agus is féidir?			
20.	An bhfuil tú in ann amanna oibre agus sealanna a atheagrú chun an líon daoine ag an obair ag an am céanna a laghdú a oiread agus is féidir?			
21.	An bhfuil tú in ann limistéir agus amanna sosa a atheagrú chun cloí le scaradh fisiciúil? (e.g. boird agus cathaoireacha a chur níos faide óna chéile, sosanna a scaradh amach)			
22.	An bhfuil tú in ann oibríthe a eagrú ina bhfoirne a oibríonn agus a ghlacann sos le chéile i gcónaí?			
23.	Murar féidir scaradh fisiciúil a chur i bhfeidhm sa cheaintín, an bhfuil tú tar éis cuimhneamh ar shocruithe eile a chur i bhfeidhm?			
24.	An bhfuil tú in ann córas aon bhealaigh a chur i bhfeidhm le dul isteach agus amach as an ionad oibre, má tá sé sin praiticiúil?			
25.	An bhfuil scaradh fisiciúil i bhfeidhm le haghaidh gníomhaíochtaí oibre lasmuigh?			
26.	Má tá oibríthe ag roinnt cóiríochta a sholáthraíonn an fostóir, ag áit oibre, an bhfuil tú ag cloí leis an treoir a leagtar amach in Prótacal um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte (Ich 20) ?			
27.	An bhfuil líon na ndaoine a oibríonn i spásanna iata laghdaithe trí: <ul style="list-style-type: none"> • obair ón mbaile a éascú • líon na dtascanna oibre a laghdú • obair nach bhfuil riachtanach a chur ar athlá • tascanna oibre a mhionathrú? 			
28.	An bhfuil marcáil urláir curtha síos chun a mheabhrú do gach duine san ionad oibre go gcaithfear fad fisiciúil 2 mhéadar a choinneáil idir gach duine?			

Uimh.	Beart Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
29.	<p>Mura féidir a chinntiú go mbeidh fad fisiciúil 2 mhéadar idir na hoibrithe, an bhfuil bearta malartacha i bhfeidhm:</p> <ul style="list-style-type: none"> • bacainní fisiciúla feistithe, ar nós sciatha sraotha plaisteacha trédhearcacha idir oibrithe • fad 1 mhéadar a choinneáil óna chéile nó dá mhéad faid agus is praiticiúil • aon dlúth-theagmháil dhíreach idir oibrithe a laghdú a oiread agus is féidir • saoráidí glanta lámh nó díghalraithe lámh a chur ar fáil in aice lámhe, ionas gur féidir lámha a ní a luaithe is a chríochnaítear an tasc • aghaidhmhaisc a chur ar fáil d'oibrithe de réir na comhairle Sláinte Poiblí agus a chinntiú go bhfuil na haghaidhmhaisc glan agus nach roinntear i measc oibrithe iad agus nach mbíonn oibrithe eile ag plé leo? <p>Tabhair faoi deara: níor cheart aghaidhmhaisc a chaitheamh in áit na mbearta a luaitear thuas.</p>			
30.	<p>An bhfuil daoine in ann teacht isteach san ionad oibre de réir a chéile, custaiméirí nó cliaint ina measc?</p> <p>Teagmháil a Íoslaghdú</p>			
31.	<p>An bhfuil an gá le turais ghnó nó le hoibrithe ag teacht le chéile le haghaidh cruinnithe agus idirghníomhaíochtaí laghdaithe a oiread agus is féidir e.g. trí theicneolaíocht a chur ar fáil le haghaidh cruinnithe ar líne nó fóin?</p>			
32.	<p>Más gá d'oibrithe teacht le chéile, an bhfuil sé socraithe gur féidir leo cruinniú i spás mór inar féidir cloí le scaradh fisiciúil agus dá laghad ama agus is féidir a chaitheamh ina bhun?</p>			
33.	<p>An bhfuil córas i bhfeidhm a laghdaíonn an gá d'oibrithe taisteal le chéile i bhfeithicilí nó a chuireann deireadh leis go hiomlán?</p>			
34.	<p>Má chaithfear feithicilí a roinnt, an bhfuil tú tar éis a rá le hoibrithe suí chomh fada óna chéile agus is féidir, clúdaigh aghaidhe a chaitheamh, agus na dromchlaí a dteagmhaítear leo go minic san fheithicil a ghlanadh ag tús agus deireadh gach seala ar a laghad?</p>			
35.	<p>An bhfuil tú tar éis a rá le hoibrithe taisteal leo féin má tá a gcarranna in úsáid don obair?</p>			
36.	<p>An bhfuil tú tar éis a rá le hoibrithe dromchlaí agus trealamh comhroinnte a ghlanadh agus a dhíghalrú, gan lámha a chroitheadh agus aon teagmháil fhisiciúil a sheachaint?</p> <p>Trealamh Cosanta Pearsanta (PPE) [D'fhéadfaí an treoir seo a athrú] Tabhair faoi deara: Ní féidir PPE a úsáid in áit bearta coisctheacha eile. I gcás COVID-19, ba cheart d'fhostóirí an chomhairle sláinte poiblí a sheiceáil. Ní theastaíonn lámhainní go hiondúil le haghaidh cosc agus rialú ionfhabhtuithe agus níor cheart iad a chaitheamh in áit cloí le bearta sláinteachais lámh.</p>			
37.	<p>An bhfuil an PPE ceart sainaitheanta bunaithe ar an mbaol agus ar ghníomhaíocht oibre an oibrí?</p>			
38.	<p>An bhfuil dóthain soláthairtí den PPE ábhartha ar fáil a theastaíonn chun filleadh ar an obair go sábháilte?</p>			

Uimh.	Beart Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
39.	An bhfuil oiliúint curtha ar na hoibrithe ar an mbealach ceart le PPE a fheistiú, a úsáid, a bhaint, a ghlanadh, a stóráil agus a dhíúscairt?			
40.	An bhfuil socruithe déanta le haghaidh glanadh, iniúchadh, cothabháil agus díúscairt PPE, nuair is cuí?			
	Grúpaí i mBaol			
41.	An bhfuil sé oibrithe amach agat cé acu de do chuid oibrithe is mó atá i mbaol ó COVID-19, má tá aon duine? Seiceáil Grúpaí i mBaol de réir FSS .			
42.	An bhfuil oibrithe i mbaol nó leochaileacha in ann oibriú ón mbaile nuair is féidir?			
43.	An bhfuil oibrithe i mbaol in ann fad fisiciúil 2 mhéadar ó dhaoine eile a chinntiú?			
	Athruithe ar Chleachtais Oibre			
44.	An bhfuil tú tar éis cuimhneamh ar athruithe eile ar chleachtais oibre chun leathadh COVID-19 a laghdú a oiread agus is féidir?			
45.	An bhfuil seachadadh sábháilte earraí chuig an ionad oibre socruithe?			
	Conraitheoirí/Oibrithe ar Cuairt			
46.	An bhfuil socruithe i bhfeidhm chun oibrithe eile, conraitheoirí nó cuairteoirí ar an ionad oibre a chur ar an eolas faoi na bearta atá i bhfeidhm san ionad oibre chun cabhrú le leathadh ionfhabhtuithe a chosc?			
47.	An bhfuil córas i bhfeidhm chun cuairteanna oibrithe agus daoine eile ar an láithreán/ionad oibre a thairneadh, chomh maith le cuairteanna oibrithe ar láithreáin eile? (Loga teagmhála COVID-19)			
	Eolas Breise			

Ainm: _____

Síniú: _____

Dáta: _____

Is chun críche oideachais amháin an t-eolas atá sa treoir seo, agus níl sé cuimsitheach. Níl sé ceaptha comhairle dlí a chur ort, agus níor cheart duit brath ar an eolas mar chomhairle dá leithéid. Ní thugaimid aon bharánta sainráite ná intuigthe i leith chruinneas nó iomláine an eolais. Ní bheidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta faoi dhliteanas ar aon bhealach ná go feadh méid ar bith i leith aon damáistí, cailteanais ná costais dhíreacha, indíreacha, speisialta, theagmhásacha nó iarmhartacha a eascraíonn as úsáid an tseicliosta seo.